Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2014**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

AH111

**DÉ LUAIN 2 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh cad é mar a chuir ceannairí polaitiúla Phoblacht Weimar ó 1930 go hEanáir 1933 lena meath. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh an tionchar a bhí ag polasaithe na Naitsithe ar dhaoine óga sa Ghearmáin idir 1933 agus 1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Polasaithe Eacnamaíocha na Naitsithe, 1933–1939**

**Foinse 1**
Sliocht as óráid a thug Hitler do Reichstag na Gearmáine, 21 Bealtaine 1935.

> Nuair a d'iarr an tUachtarán Hindenburg orm rialtas úr a fhoirmiú ar an 30 Eanáir 1933, bhí amhras ar a lán daoine go n-éireodh linn. Bhí gach rud eile faoi scáil ag an tubaiste eacnamaíoch a bhí ann de dheasca an chúlaithe sa gheilleagar. Bhí misneach mór de dhíth le dul i ngleic ar an toirt leis an tasc a bhain le hathbheochan náisiún na Gearmáine a chur i gcrích. Bhí sé mhilliún duine cláraithe mar dhaoine dífhostaithe. Ní fhéadfaí an tasc againn a chur i gcrích ach le geilleagar pleanáilte. An rud atá curtha i gcrích againn in dhá bhliain go leith maidir le cruthú post pleanáilte agus le rialú pleanáilte ar phraghsanna agus ar thuarastail, measadh roinnt blianta ó shin nárbh fhéidir é a dhéanamh. Le praghsanna agus tuarastail a chobhsú, bhí sé riachtanach na ceardchumainn a scriosadh, chomh maith le heagraíochtaí na bhfostóirí. Níor éirigh linn ach mar gheall ar bhrí agus ar fhuinneamh náisiún iomlán na Gearmáine.

*© Weimar and Nazi Germany by John Hite with Chris Hinton, published by John Murray, 2000*


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 2**
Sliocht as alt nuachtáin le John Gunther, a foilsíodh sna Stáit Aontaithe in 1938. Iriseoir Meiriceánach a bhí in John Gunther a bhí bunaithe san Eoraip.

> Ar an dromchla, chonacthas faoi 1937 go raibh téarnamh eacnamaíoch curtha i gcrích ag réimeas na Naitsithe. Ba é an phríomhchúis a bhí leis seo ná an spreagadh a thug ullmhúcháin le haghaidh cogaidh don tionsclaíocht. In 1937, bhí an dífhostaíocht i ndiaidh titim go 1.8 milliún, líon nach raibh ach tuairim is 600 000 níos mó ná in 1929, agus bhí méid an táirgthe tionsclaíoch beagnach ar ais ag leibhéal 1929 – 1930. In ainneoin an bhorrtha seo nach raibh iontach substaintiúil, bhí staid eacnamaíoch na tíre go fóill leochaileach.

*© Years of Weimar, the Third Reich and post-war Germany by David Evans and Jane Jenkins, published by Hodder Murray, 2008*

**Foinse 3**
Sliocht as *The European Dictatorships 1918–1945* le Stephen J. Lee arna fhoilsiú in 1987.

> In 1936, roghnaigh Hitler atharmáil mhíleata a dhéanamh, spreagtha ag atharmáil eacnamaíoch. An dara céim eacnamaíoch ó 1936, thosaigh sí le tabhairt isteach an Phlean Ceithre Bliana faoi stiúir Göring. Ba í an bhunaidhm a bhí ag an Phlean Ceithre Bliana, leordhóthanacht nó neamhthuilleamaíocht eacnamaíochta a bhaint amach sa tionsclaíocht agus sa talmhaíocht araon trí tháirgeacht mhéadaithe agus trí ábhair ionadacha a aimsiú don ola agus d'earraí tábhachtacha eile. Ní raibh an plean go hiomlán éifeachtach. Cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn i dtáirgeadh ábhair ionadacha, níor baineadh spriocanna amach do tháirgeadh an rubair agus breoslaí sintéiseacha; is amhlaidh nár chlúdaigh an peitreal sintéiseach ach 18% de riachtanais na Gearmáine agus bhí sé go foill riachtanach an tríú cuid de na hamhábhair uilig a bhí de dhíth ar a cuid tionsclaíochtaí in 1939 a iompórtáil.

*© The European Dictatorships 1918-1945 by Stephen J Lee, published by Routledge, 1987.*

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1**. Cá húsáidí í mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar théarnamh eacnamaíoch na Gearmáine faoi na Naitsithe faoi 1936? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid, meas cé chomh mór agus a chuir na Naitsithe a gcuid aidhmeanna eacnamaíocha i gcrích sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers